AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Imlitir 0040/2014

Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bhunscoileanna Aitheanta

Comhaontú na Seirbhíse Poiblí 2013 – 2016 (Comhaontú Bhóthar Haddington)

Incrimintí agus bearta cothromaithe ábhartha

Múinteoirí ar Phointe Deiridh an Bhunscála Comónta agus ar thuarastail idir €35,000 agus €65,000

Réamhrá

1. Thug Imlitir 32/2013 fógra d'údaráis bhainistíochta agus do mhúinteoirí faoi na hathruithe ar thuarastail múinteoirí a bhí le teacht i bhfeidhm ón 1 Iúil 2013 ag eascairt as an Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2013 agus as Comhaontú na Seirbhíse Poiblí 2013 – 2016 (Comhaontú Bhóthar Haddington) agus dúirt go mbeadh socruithe ar leith i bhfeidhm do mhúinteoirí a bhfuil tuarastail (lena n-áirítear liúntais i nádúr pá) idir €35,000 agus €65,000 acu agus atá ar an bpointe deiridh ar an mBunscála Comónta nó a shroicheann an pointe deiridh ar an mBunscála Comónta i ndiaidh tréimhse incriminte 15 mhí. Is í aidhm na hImlitreach seo ná fógra a thabhairt d'údaráis bhainistíochta agus do mhúinteoirí faoi na socruithe sin.

Socruithe Pá do Mhúinteoirí ar Phointe Deiridh an Bhunscála Comónta agus ar thuarastail idir €35,000 agus €65,000

2. Is iad seo a leanas na socruithe do mhúinteoirí a bhfuil tuarastail (lena n-áirítear liúntais i nádúr pá) idir €35,000 agus €65,000 acu agus atá ar an bpointe deiridh ar an mBunscála Comónta nó a shroicheann an pointe deiridh ar an mBunscála Comónta i ndiaidh tréimhse incriminte 15 mhí.

   - Do mhúinteoirí a shroich an pointe deiridh ar an mBunscála Comónta roimh 2013 nó a mbeidh sé sroichte acu le linn 2013, déanfar asbhaint airgid de €568 ón nglantuarastal. Is ionann é sin agus an glanluach na sé lá saoire bhliantúil.

- Do mhúinteoirí a shroicheann an pointe deiridh ar an mBunscála Comónta i 2014, déanfar asbhaint airgid €379 ón nglantuarastal. Is ionann é sin agus an glanluach na ceithre lá saoire bhliantúil.

- Do mhúinteoirí a shroicheann an pointe deiridh ar an mBunscála Comónta i 2015, déanfar asbhaint airgid €189 ón nglantuarastal. Is ionann é sin agus an glanluach na dhá lá saoire bhliantúil.

3. Déanfar na hasbhaintí ón nglantuarastal sna cásanna uile (i.e. glan ar asbhaintí reachtúla lena n-áirítear Cáin agus Á.S.P.C., Asbhaintí a Bhaineann le Pinsean srl.). Dá réir sin, ríomhadh na hasbhaintí a leagtar amach in alt 2 thuas ar oll-luach na hincriminte is déanaí agus laghdaíodh faoi 62% iad.

4. Baileofar an asbhaint airgid ón tuarastal ar bhonn céimnithe thar 12 mhí. Is ionann na hasbhaintí atá leagtha amach in alt 2 agus an asbhaint iomlán atá de dhíth faoin bhforáil seo do théarma Chomhaontú Bhóthar Haddington (go dtí Iúil 2016).

Scaipeachán agus Fiosruithe

5. Déan cinnte, led' thoil, go dtugtar cóipeanna den Imlitir seo don Bhord Bainistíochta agus go dtarraingítear aird na múinteoirí uile atá fostaithe agat, iad siúd atá ar saoire neamhláithreachta san áireamh, ar ábhar na hImlitreach seo.

6. Is féidir an Imlitir seo a rochtain ar shuíomh gréasáin na Roinne faoi http://www.education.ie.

7. Ba chóir fiosruithe maidir leis an Imlitir seo a sheoladh chuig: hraqueries@education.gov.ie

Padraig Maloney
Rannóg Párolla
30 Aibreán 2014